02 Lúnasa 2019

Cinneadh a eisíodh maidir le hiarratas ar Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta le haghaidh forbairt cónaithe ag Plás Daneswell, iarshuíomh Printworks / Smurfit ag Bóthar Ghairdíní na Lus, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9.

Uimhir thagartha an cháis: ABP-303875-19

Tá cead tugtha ag an mBord Pleanála le haghaidh 299 aonad cónaithe.

Cuireadh an t-iarratas faoi bhráid an Bhoird Pleanála ar an 6 Márta 2019 agus cinneadh é ar an 18 Meitheamh 2019. San áireamh sa phróiseas iarratais bhí tréimhse comhairliúcháin phoiblí agus comhairliúchán réamhiarratais a rinneadh i gcomhar leis an mBord Pleanála agus leis an údarás áitiúil lena mbaineann.

Tá na príomhdhoiciméid a bhaineann le cinneadh an Bhoird (Tuairisc an Chigire, Ordú an Bhoird, Treoir an Bhoird) ar fáil mar seo a leanas:

- Leathanach cáis ABP-303875-19

Gheofar treoir mhionsonraithe maidir le forbairtí straitéisteacha tithíochta d'iarratasóirí, d'údaráis áitiúla agus don phobal i gcoitinne ag www.pleanala.ie. Gheofar faisnéis bhreise ag bord@pleanala.ie.

Féadfaidh duine ar bith ceist a chur faoina bhailí atá cinneadh de chuid an Bhoird i bhfoirm iarratas ar athbhreithniú breithiúnach, faoi Ordú 84 de Rialacha na Cúirte Uachtaraí (I.R. Uimh. 15 de 1986), de réir alt 50 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (leasaithe). Gheofar eolas praiticiúil ar mhodh an athbhreithnithe faoin gceannteideal Eolas ar Chásanna -- Athbhreithniú Breithiúnach ar shuíomh gréasáin an Bhoird www.pleanala.ie nó ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse Eolais do Shaoránaigh www.citizensinformation.ie